# An Cúigiú Séasúr!

Tionscadal STEAM



**Dúshlán:**

***Tabhair sos do Máthair an Nadúir.***
***An féidir leat an cúigiú séasúr a dhearadh?***

**Sula dtosaíonn tú,** is fiú breathnú ar na séasúr, an féilire, agus uimhreacha treocha le do rang.

**Leideanna i gcomhair ceisteanna- Roghnaigh ceisteanna atá feiliúnach chun na smaointí seo a fhorbairt i do rang.**

**Matamaitic**

- Cén bealach go n-oibríonn an féilire?
- Cé mhéad lá atá ann?
- Cén ord atá ann? – roimh/tar éis
- Cé chomh fuar/te a bhíonn an aimsir?
- Inis dom faoin teocht (rótheas/rófhuacht? meanteocht)
- An féidir leat structúr nua a chur ar na séasúr chun an cúigiú séasúr a chur san áireamh?
- An dteastaíonn féilire nua?
- Cé mhéad uaire de sholas an lae a bheidh ann?

**Eolaíocht**

- Céard a dhéanann na hainmhithe/ na héin/ na hainmhithe mara? (Geimhriú, imirce)
- Cén sórt aimsire a bheidh ann?
- Cén cuma a bheidh ar na crainn? Dathanna?
- An bhfásann rudaí ar leith (Glasraí, torthaí, crainn, plandaí nó rudaí nua?)
- Cén éadaí a bheidh ag teastáil?
- Cén cuma a bheidh ar an spéir?

**Smaointeoireacht Chriticiúil**

- An oibreodh séasúr nua? Cen fáth?
- Cén bealach a théann do shéasúr nua isteach san fhéilire? An gcaithfidh tú féilire nua a dhearadh?
- Cén tionchar a bheadh ag an séasúr nua ar shaol na feirme, saol an zú, saol na ndaoine?
- An reitíonn an séasúr nua aon fhadhb a bhaineann le aon cheann do na séasúir eile?

**Cruthaitheacht**

- An dtarlaíonn aon rud speisialta?
- An bhfuil aon dainséar ag baint leis an séasúr nua?
- An bhfuil do shéasúr mar an gcéanna/éagsúil ó na séasúir eile? Cén chaoi?
- An mbeadh Máthair an Nadúir sásta le do shéasúr? Cén fáth?

**Cumarsáid**

- Cén bealach go n-inseoidh tú do do mhúinteoir faoi do shéasúr?
- Cén bealach go n-inseoidh tú do rang níos sine/níos óige faoi do shéasúr? An dtaitneodh sé leo, dar leat?
- Dá mbeadh nóiméad agat, le labhairt le muintir na hÉireann, faoi do shéasúr ar RTÉ, céard a dhéarfá?

**Smaointí chun an tasc STEAM a leathnú: Inntealtóireacht/Tógáil**

- Dear agus déan rud éigin ionas go mbeidh do shéasúr uathúil?
- Dear agus déan aireagán nua do do shéasúr
- Cruthaigh radharc ó do shéasúr
- Cruthaigh crann as páipéar leis an gcruth a bheadh air i do shéasúr.

** Tá an tasc seo ann chun cabhrú le múinteoirí le haonad STEAM a phleanáil. Is féidir é a chur in oiriúint do chomhthéacsanna éagsúla. Is é bunús an dúshláin seo ná cruthaitheacht a chothú agus indibhidiúlacht daltaí a bheith le feiceáil ina saothar!*